AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2023
SWD(2023) 168 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

***a ghabhann leis na doiciméid***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**Formheas inneachair dréachta le haghaidh Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe comhair cothrománacha**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX**
**maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX**
**maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta**

{C(2023) 3448 final} - {SEC(2023) 212 final} - {SWD(2023) 167 final}

| Bileog achoimre feidhmiúcháin |
|---|
| An measúnú tionchair a ghabhann leis na Rialacháin Blocdhíolúine Chothrománacha (HBERanna) athbhreithnithe agus leis na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le comhaontuithe comhair cothrománacha ('Treoirlínte Cothrománacha') |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Deimhníodh leis an meastóireacht gur uirlisí úsáideacha iad HBERanna agus na Treoirlínte Cothrománacha agus go n-éascaíonn siad go mór an féinmheasúnú ar chomhaontuithe cothrománacha faoi dhlí iomaíochta an Aontais. Ach sainaithníodh sa mheastóireacht freisin réimsí áirithe nach bhfeidhmíonn na rialacha go maith iontu nó ina bhféadfaidís feidhmiú níos fearr. Mar sin, measadh go raibh sé ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar HBERanna agus ar na Treoirlínte Cothrománacha tar éis measúnú tionchair ar na hathruithe atá beartaithe. Sainaithníodh dhá phríomhfhadhb.<br>Ar an gcéad dul síos, léiríodh sa mheastóireacht go mbíonn sé **deacair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') féinmheasúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht a gcomhaontuithe taighde agus forbartha (T&F) agus speisialtóireachta le hAirteagal 101 den Chonradh trí úsáid a bhaint as HBERanna**. Tá comhar T&F agus comhar speisialtóireachta tábhachtach do FBManna, toisc go bhféadfadh comhar le FBManna eile nó le gnólachtaí móra rochtain ar acmhainní, cistiú agus eolas a chur ar fáil dóibh. D'fhéadfadh sé go n-éireofaí as an gcomhar mar thoradh ar neamhchinnteacht a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhlíontacht i ndáil le comhar T&F nó speisialtóireachta, agus d'fhéadfadh deiseanna a chailleadh agus moilleanna ar nuálaíocht a bheith ann dá bharr sin. Thuairiscigh FBManna go bhfuil deacrachtaí ar leith acu na sainmhínithe sna HBERanna a chur i bhfeidhm, margaí ábhartha a shainiú agus sciartha den mhargadh a ríomh, agus léirmhíniú a dhéanamh ar na coinníollacha díolúine sa Rialachán maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm ar aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha ('BER T&F'). Dá bhrí sin, is minic a bhíonn FBManna ag brath ar thacaíocht chostasach sheachtrach a bheith ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht a gcomhar le dlí na hiomaíochta.<br>Ar an dara dul síos, tá imní ann **nach ndéanfar an iomaíocht nuálaíochta a chosaint go leordhóthanach** i gcásanna áirithe ina ndéanann cuideachtaí comhaontuithe T&F nach féidir sciartha den mhargadh a ríomh ina leith. An cuan sábháilte in BER T&F, tá feidhm aige sin maidir le comhaontuithe T&F nach mó ná 25 % an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhaontú le chéile ar an margadh/na margaí le haghaidh na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí a fheabhsófar de bharr na dtáirgí nó na dteicneolaíochta a bheidh ann mar thoradh ar an taighde agus forbairt chomhpháirteach, nó a dtiocfaidh na táirgí nó na teicneolaíochtaí sin ina n-ionad. Ach féadfaidh cuideachtaí **comhaontuithe T&F a dhéanamh chun táirgí nó teicneolaíochtaí a fhorbairt nach bhfeabhsóidh táirgí nó teicneolaíochtaí atá ann cheann ná nach dtiocfaidh ina n-ionad, ach a chruthóidh margadh go hiomlán nua**. Faoi láthair caitear le comhaontuithe T&F den sórt sin in BER T&F mar chomhaontuithe idir neamh-iomaitheoirí agus, dá bhrí sin, is féidir leo tairbhe a bhaint as an mblocdhíolúine gan aon choinníoll a bheith ann maidir leis an dinimic iomaíoch ar leibhéal T&F. Mar sin féin, bíonn cuideachtaí san iomaíocht ag céim T&F chun an rás a bhuachan le táirgí agus teicneolaíochtaí a thabhairt chuig an margadh. Dá bhrí sin, i gcásanna sonracha, comhaontuithe T&F a bhaineann le forbairt táirgí nó teicneolaíochtaí a chruthóidh margadh go hiomlán nua, d'fhéadfaidís srian a chur ar iomaíocht nuálaíochta gan coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh a chomhlíonadh. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí comhoibriú ar bhealaí atá inmhianaithe ó thaobh na heacnamaíochta de agus gan éifeachtaí díobhálacha ó thaobh an bheartais iomaíochta de. An tráth céanna, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh freisin maoirseacht riaracháin an Choimisiúin, na nÚdarás Iomaíochta Náisiúnta agus na gcúirteanna náisiúnta a shimpliú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

De bhun Airteagal 3 den Chonradh, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas chun rialacha iomaíochta a bhunú atá riachtanach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Leis na HBERanna cuirtear cuan sábháilte ar fáil ó dhlí iomaíochta an Aontais, agus ní féidir é sin a dheonú ach ar leibhéal an Aontais. Maidir leis an ngá agus leis an mbreisluach a bhaineann le HBERanna athbhreithnithe a ghlacadh, in áit ligean do HBERanna dul in éag, léirítear sa mheastóireacht go simplíonn HBERanna an féinmheasúnú agus go méadaíonn siad deimhneacht dhlíthiúil do chuideachtaí a dhéanann comhaontuithe T&F agus speisialtóireachta, agus go gcuireann siad creat comhchoiteann ar fáil chun Airteagal 101 den Chonradh a chur i bhfeidhm ar na cineálacha comhaontuithe sin ag ÚINanna agus ag cúirteanna náisiúnta.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann?**

Is í an bhunlíne do gach ceann den dá réimse is ábhar don mheasúnú tionchair na rialacha agus an treoir a leagtar amach in HBERanna 2010 agus sna Treoirlínte Cothrománacha (an **cás bunlíne** don dá réimse) a choinneáil ar bun.

Roghanna chun **cur i bhfeidhm HBERanna ag FBManna a éascú**: Le **Rogha 1** déanfar foráil maidir le díolúine shonrach sa dá HBER ó chomhaontuithe a thugann FBManna i gcrích. Bheadh an díolúine faoi réir critéir áirithe a d'fhorbrófaí go sonrach do FBManna chun nach mbeadh orthu margaí ábhartha a shainiú nó sciartha den mhargadh a ríomh agus measúnú á dhéanamh acu ar a gcomhaontuithe. I gcás comhaontuithe T&F a thugann FBManna i gcrích, chuirfeadh **Rogha 2** teorainn nó deireadh leis an gcoinníoll/na coinníollacha maidir le rochtain in Airteagail 3(2) agus 3(3) de BER T&F lena gceanglaítear ar na páirtithe i gcomhaontuithe den sórt sin rochtain iomlán a thabhairt ar thorthaí deiridh an taighde agus na forbartha comhpháirtí, chomh maith le rochtain ar shaineolas atá ann cheana chun tairbhe a bhaint as an mblocdhíolúine. Le **Rogha 3** leathnófaí raon feidhme BER Speisialtóireachta tríd an sainmhíniú ar speisialtóireacht aontaobhach a leathnú chun comhaontuithe a rinneadh idir níos mó ná dhá chuideachta a áireamh. Bheadh sé sin ábhartha go háirithe do FBManna, ós rud é, de bharr a méide agus a n-acmhainní teoranta, go bhféadfadh comhar níos mó ná dhá pháirtí a bheith ag teastáil chun go mbeadh speisialtóireacht éifeachtach ann.

Is é **Rogha 3 an rogha thosaíochta**. Dhéanfaí an rogha seo a chomhcheangal le tabhairt isteach soiléirithe sna Treoirlínte Cothrománacha. Is é Rogha 3 an rogha is mó a chomhlíonann na cuspóirí maidir le cosaint éifeachtach na hiomaíochta a áirithiú agus deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach a sholáthar. Beidh leathnú raon feidhme BER Speisialtóireachta faoi **Rogha 3** agus na soiléirithe ina gcuidiú freisin le maoirseacht riaracháin an Choimisiúin, na n-údarás iomaíochta náisiúnta agus na gcúirteanna náisiúnta a shimpliú.

Roghanna maidir leis **an leibhéal cosanta don iomaíocht nuálaíochta a d'fhéadfadh nach leor é**: **Le Rogha 1** thabharfaí isteach tairseach nua maidir le díolúine le haghaidh comhaontuithe T&F nach féidir sciartha den mhargadh a ríomh ina leith tráth a thugtar an

| |
|---|
| comhaontú i gcrích. Bheadh an tairseach sin nasctha leis an dinimic iomaíoch ar leibhéal T&F, i.e. leibhéal na hiomaíochta iarmharaí ar leibhéal T&F. Le **Rogha 2**, choinneofaí díolúine le haghaidh comhaontuithe T&F nach féidir sciartha den mhargadh a ríomh ina leith tráth a thugtar an comhaontú i gcrích, faoi réir na gcoinníollacha eile a leagtar amach in BER T&F (e.g. coinníollacha a bhaineann le rochtain ar thorthaí T&F, easpa srianta crua, etc.), gan aon tairseach nua a thabhairt isteach. Mar sin féin, le Rogha 2 chuirfí isteach foráil nua in BER T&F ina ndéanfaí tagairt do chumhacht an Choimisiúin agus ÚINanna tairbhe na díolúine a tharraingt siar i gcásanna nach gcomhlíonann comhaontú aonair T&F coinníollacha Airteagal 101(3) den Chonradh, go háirithe i gcás ina gcuirtear deireadh le hiomaíocht nuálaíochta. Is é **Rogha 2** an rogha thosaíochta. Is é Rogha 2 ba mhó a chomhlíonfadh na cuspóirí maidir le cosaint éifeachtach na hiomaíochta a áirithiú agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, gan costais riaracháin agus chomhlíontachta a chruthú a bheadh díréireach leis an bhfadhb a sainaithníodh. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?** |
| Rinneadh comhairliúcháin éagsúla maidir leis na roghanna beartais le haghaidh HBERanna: comhairliúchán maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta; comhairliúchán poiblí oscailte bunaithe ar cheistneoir ar líne; ceistneoirí spriocdhírithe maidir le saincheisteanna sonracha; comhairliúchán spriocdhírithe leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta; trí thuarascáil ó shaineolaithe; ceardlann maidir le comhaontuithe T&F agus speisialtóireachta; comhairliúchán poiblí oscailte bunaithe ar fhoilsiú dréacht-HBERanna athbhreithnithe agus dréacht-Treoirlínte Cothrománacha athbhreithnithe, agus ceardlann maidir leis an athbhreithniú ar BER T&F. Den chuid is mó chuir na catagóirí páirtithe leasmhara uile fáilte roimh an athbhreithniú ar HBERanna agus ar na Treoirlínte Cothrománacha.<br><br>Maidir leis na roghanna chun **cur i bhfeidhm HBERanna ag FBManna a éascú**, níor chuir ach líon beag páirtithe leasmhara tuairimí ar fáil. Na saineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo, d'áitigh siad i gcoinne **díolúine shonrach a thabhairt isteach le haghaidh comhaontuithe T&F agus speisialtóireachta a thugann FBManna i gcrích (Rogha 1)** agus i gcoinne **theorannú nó bhaint na gcoinníollacha in BER T&F maidir le comhaontuithe T&F a thugann FBManna i gcrích (Rogha 2)**. Thug ÚINanna le fios nach raibh taithí leordhóthanach acu chun rogha shoiléir a chur in iúl. An leathnú ar an **sainmhíniú ar chomhaontuithe aontaobhacha speisialtóireachta** chun níos mó ná dhá pháirtí a chur san áireamh (**Rogha 3**), rinneadh é sin a thástáil trí na dréacht-téacsanna athbhreithnithe a fhoilsiú agus ar an mórgóir léirigh na páirtithe leasmhara a chuir tuairimí isteach go raibh siad sásta leis an leathnú.<br><br>I dtaca leis na roghanna maidir leis an **leibhéal cosanta don iomaíocht nuálaíochta a d'fhéadfadh nach leor é**, chuir páirtithe leasmhara in iúl go ginearálta gur fearr go mór leo Rogha 2. Le **Rogha 1**, mar atá tairseach nua atá nasctha leis an dinimic iomaíoch ar leibhéal T&F le haghaidh comhaontuithe T&F nach féidir sciartha den mhargadh a ríomh ina leith, mhéadófaí, i bprionsabal, cosaint na hiomaíochta tríd an bhféidearthacht a laghdú go mbainfeadh an aicme sin de chomhaontuithe T&F tairbhe as an gcuan sábháilte i gcásanna ina ndéanfadh an comhaontú dochar d'iomaíocht nuálaíochta. Ach dá dheasca sin, bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair, bheadh féinmheasúnuithe níos casta agus bheadh níos lú deimhneachta dlíthiúla ann do ghnólachtaí a bheartaíonn comhaontuithe a dhéanamh san aicme sin de chomhaontuithe T&F. Le **Rogha 2** choinneofaí an leibhéal deimhneachta dlíthiúla atá ann faoi láthair don aicme sin de chomhaontuithe T&F, agus san am céanna chuirfí leis an bhfeasacht go bhféadfadh comhaontuithe den sórt sin dochar a dhéanamh don iomaíocht nuálaíochta i gcásanna áirithe, agus sa chás sin d'fhéadfadh údaráis iomaíochta |

tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

### Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta?

Is é príomhthairbhe na rogha tosaíochta ó thaobh **cur i bhfeidhm HBERanna ag FBManna a éascú** go méadófaí an deimhneacht dhlíthiúil trí na tairseacha maidir leis an sciar den mhargadh a choinneáil agus trí threoraíocht bhreise a chur leis maidir le cur i bhfeidhm na dtairseach sin, na srianta crua agus na gcoinníollacha le haghaidh díolúine sna Treoirlínte Cothrománacha. Thairis sin, chaomhnódh an rogha seo iomaíocht sa mhargadh.

Is é príomhthairbhe na rogha tosaíochta maidir leis an **leibhéal cosanta don iomaíocht nuálaíochta a d'fhéadfadh nach leor é** go n-ardódh sí feasacht ar na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hiomaíocht, agus deimhneacht dhlíthiúil á coinneáil san am céanna. Dá bhrí sin, ní chruthódh sé costais riaracháin agus chomhlíontachta a bheadh díréireach leis an bhfadhb a sainaithníodh.

### Cad iad costais na rogha tosaíochta?

Beidh laghdú ar chostais mar thoradh ar an rogha thosaíochta maidir le **FBManna**, mar go leathnófar coincheap na gcomhaontuithe speisialtóireachta chun níos mó páirtithe a áireamh ná mar a fhoráiltear faoi láthair, agus mar gheall ar an deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe agus na soiléirithe a chuirfear isteach sna Treoirlínte Cothrománacha.

Ní dócha go méadóidh an rogha thosaíochta **maidir le hiomaíocht nuálaíochta a chosaint** costais riaracháin nó chomhlíontachta a bheidh ar chuideachtaí.

### Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Ba é buntáiste na roghanna tosaíochta do **FBManna** agus don **iomaíocht nuálaíochta** go mbeadh cuideachtaí in ann leanúint de bheith ag brath ar na rialacha céanna agus nach mbeadh orthu dul in oiriúint d'aon reachtaíocht nua agus go mbainfeadh siad tairbhe as deimhneacht dhlíthiúil bhreise i bhfoirm soiléirithe maidir le cur i bhfeidhm HBERanna sna Treoirlínte Cothrománacha.

Le leathnú choincheap na speisialtóireachta aontaobhaí, d'aithneofaí an réaltacht eacnamaíoch gur gá uaireanta comhoibriú le níos mó ná páirtí amháin eile chun na barainneachtaí scála leordhóthanacha is gá le bheith iomaíoch a bhaint amach. Beidh tionchar tábhachtach aige sin ar FBManna, mar d'éascófaí a n-iontráil sa mhargadh agus laghdófaí na rioscaí nach mbeidh siad in ann freagairt chomh maith céanna lena n-iomaitheoirí móra. Tá na tionchair dhiúltacha ar an margadh inmheánach teoranta, mar níl athrú á dhéanamh ar an gcomhthairseach maidir leis an sciar den mhargadh de 20 %.

Ina theannta sin, leis an bhforáil nua in BER T&F ina ndéantar tagairt do chumhacht an Choimisiúin agus ÚINanna an bhlocdhíolúine a tharraingt siar, mar aon leis an treoraíocht bhreise maidir leis na cásanna inar dócha go n-úsáidfear an chumhacht sin, méadófar feasacht ar an gcumhacht sin agus ar na rioscaí a bhaineann le comhaontuithe a thabhairt i gcrích lena ndéantar dochar don iomaíocht ar leibhéal T&F.

### An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ar an iomlán, ní bheadh impleachtaí praiticiúla móra ag an tionscnamh maidir le hobair forfheidhmiúcháin fritrustaí na n-údarás náisiúnta. Is amhlaidh atá toisc nach n-athródh sé go bunúsach struchtúr agus creat lárnach an mheasúnaithe a sholáthraíonn HBERanna (e.g. coincheap na srianta crua agus coincheap na dtairseach maidir leis an sciar den mhargadh).

| |
|---|
| Thairis sin, ní bheadh aon tionchar ag an tionscnamh ar bhuiséid náisiúnta. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Taobh amuigh den tionchar díreach ar ghnólachtaí, ar an iomaíocht agus ar an margadh inmheánach, tá coinne leis go mbeidh tionchar indíreach ag gach ceann de na roghanna tosaíochta ar thomhaltóirí, a bhainfidh tairbhe as níos mó nuálaíochta agus níos mó roghanna má bhíonn iomaíocht fós ann ar leibhéal T&F. Thairis sin, áiritheofar leis na tairseacha maidir leis an sciar den mhargadh, leis na coinníollacha maidir le díolúine agus le liostaí de shrianta crua go mbainfidh na tomhaltóirí deiridh féin tairbhe as na héifeachtúlachtaí a eascraíonn as comhaontuithe T&F agus speisialtóireachta, agus gur mó iad na héifeachtúlachtaí ná aon dochar a d'fhéadfadh a bheith ann. |
| **Comhréireacht** |
| Bheadh an rogha thosaíochta do gach réimse de na rialacha comhréireach, toisc nach dtéann sí thar a bhfuil riachtanach chun raon feidhme chuan sábháilte HBER a choigeartú. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Tá sé beartaithe go mbeidh na tionscnaimh seo i bhfeidhm ar feadh 12 bhliain. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú na rialacha athbhreithnithe ar bhonn leanúnach, trína chleachtas forfheidhmiúcháin féin agus trí ÚINanna; trí fhaireachán a dhéanamh ar cheisteanna maidir le léirmhíniú a thagann chun cinn os comhair na gcúirteanna náisiúnta agus chúirteanna an Aontais, agus trí theagmhálacha neamhfhoirmiúla le páirtithe leasmhara. Tráth nach déanaí ná mí an Mheithimh 2031, déanfaidh an Coimisiún breithniú ar fheidhmiú na rialacha athbhreithnithe agus déanfaidh sé tuarascáil mheastóireachta a tharraingt suas, ar bhonn na faisnéise a bhaileofar tríd an bhfaireachán sin, i measc nithe eile. |